Duaiseanna Eile do Bhaile Locha Riach

Fógraíodh duaiseanna móra is beaga *Ghlór na nGael* lá Fhéile Bhríde seo chaite. Ba é r a bhuaigh an phríomhdhuais i mbliana agus bronnfar na duaiseanna uile ann 29 Márta. Caithfidh a rá go bhfuil Coiste *Ghlór na nGael* i iontach sásta a bheith i measc na buaiteoirí arís. Tá Baile Locha Riach ag an leibheál is airde sa chomórtas anois.

Caithfidh a rá go raibh muintir Locha Riach iontach bródúil go mbeidh dhá dhuais bronnta orthu; Duais Ghaelscoileanna agus Duais Trasteorann.

Dúirt **Ali Mac Aindreasa**, Cathaoirleach an Choiste, go raibh sé thar a bheith tógtha an t-aitheantas breise seo a fháil:

“ Is maith an rud a bheith aitheanta i measc bhuaiteoirí Ghlór na nGael. Aithnítear go náisiúnta go bhfuil pobal ghaelach ghníomhach á chothú i mBaile Locha Riach anois agus muid ag dul ó neart go neart. Tá idir grúpaí pobail is gnó ag déanamh rudaí beaga is móra ar son na Gaeilge sa cheantar agus molaimís go léir iad. Tugann na duaiseanna seo aitheantas is spreagadh dóibh uilig!’

Cuid de Choiste Ghlór na nGael, Baile Locha Riach a bhailigh duaiseanna ag Seanscoil Shailearna, Indreabhán, Conamara anuraidh;-
Ó chlé – Pádraig Ó Baoill, Micheál Ó hEiligh, Bríd Ní Ghibín, Ali Mac Aindreasa, Comh. Mary Gunter Nix, Máire Ní Cheallaigh Stewart, Joe Nix agus Siobhán Ní Chaomhánaigh.

Beidh Seachtain na Gaeilge againn roimh i bhfad anois, agus cuirfimid fáilte roimh gach duine páirt a ghlacadh agus teagmháil a dhéanamh linn."

Tá Coiste Ghlór na nGael i iontach bródúil as na duaiseanna buaite acu i mbliana agus beidh €3,400 curtha sa bhanc acu dá bharr. Úsáidfear an t-airgead seo i dtograí gaelacha sa cheantar.

More Prizes for the Gaels of Loughrea

The national prizes of *Glór na nGael* were announced on St. Brigid's Day. **Ennis**, **Co. Clare** was proclaimed the overall winner and all the prizes will be awarded there 29 March. The local committee of *Glór na nGael* are very pleased to be among the winners again this year and they are now competing at the highest level of the competition. They are certainly very proud that they will be awarded two prizes; Gaelscoileanna Prize and Cross Border Prize.
Ali Mac Aindreasa, Chairperson of the local *Glór na nGael* committee was certainly trilled to be recognized among the winners:

"It is great to be recognized among the Glóre na nGael winners. It is recognized nationally that there is a vibrant Irish language community developing in Loughrea that is growing. Both community and business groups are doing their bit for the language and we applaud them all. These prizes recognize and encourage them all to continue.
Seachtain na Gaeilge isn't too far from us now and we welcome everyone to get involved in the events."

The *Glór na nGael* committee in will be very proud to accept these awards that will lodge €3,400 in the bank for them. This money will be put towards Irish language projects in the district.